

Rialacha Nua Morgáistí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi rialacha nua morgáiste ar mhaith leis an mBanc Ceannais iad a chur i bhfeidhm. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail le líne fúthu a mhíniú?

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- deadline
- submissions
- consultative process
- buyer(s)
- deposit
- bubble
- in the housing market
- bone of contention
- petition
- insurance

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad í an riail nua atá molta ag an mBanc Ceannais?
2. Cén fáth a bhfuil an Banc Ceannais ag moladh a leithéide?
3. Cén fáth a bhfuil an rialtas agus grúpa eile, *Uplift*, in éadan an mholta?
4. Cén léiriú atá ag Conall Ó Móráin faoin scéal?

Ceist 4 ‘...bheadh ar cheannaitheoir éarlais €60,000 a bheith aige sula dtabharfadh banc morgáiste dó...’

1. Cén aimsir atá i gceist leis na briathra a bhfuil líne fúthu sa sampla thuas?
2. An féidir leat an abairt sin a athscríobh anois, ach san aimsir fháistineach?
3. Líon isteach na bearnaí sa bhosca – is iad na briathra mírialta atá i gceist san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach.

	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
Abair	An ndéarfaidh tú...?	
Beir		An mbéarfá...?
Bí	An mbeidh sé...?	
Clois		An gcloisfinn...?
Déan	An ndéanfaidh sibh...?	
Faigh		An bhfaigheadh sí...?
Feic	An bhfeicfidh siad...?	
Ith		An n-íosfaidís...?
Tabhair	An dtabharfaidh tú...?	
Tar		An dtiocfainn...?
Téigh	An rachaidh sí...?	

4. Scríobh amach na freagraí diúltacha agus dearfacha anois de na briathra mírialta sa dá aimsir.

Ceist 5

Bí ag obair leis an duine in aice leat. An féidir libh cúis an tséimhithe a mhíniú sa sliocht seo thíos?

Tá sé seo á dhéanamh le nach mbeidh bolgán eile sa mhargadh tithíochta, a deir an Banc Ceannais. Inniu an spriocdháta chun glacadh le haighneachtaí mar chuid de phróiseas comhairliúcháin atá ar bun ag an mBanc Ceannais maidir leis an moladh seo. Ach, tá sé ina chnámh spairne. Tá an rialtas tar éis a rá go gcreideann siad go mbeadh an riail seo ródhian ar dhaoine, agus chuir grúpa nua darb ainm dóibh *Uplift* achainí faoi bhráid an Bhainc Cheannais inniu le héileamh orthu gan an moladh a chur i bhfeidhm. Deir siad go gcruthódh sé níos mó fadhbanna ná mar a réiteodh sé.

Ceist 6

‘...mí Dheireadh Fómhair...’ agus ‘...mí Eanáir...’

Scríobh amach míonna na bliana agus an focal *mí* leo, mar atá sna samplaí thuas.

Ceist 7

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil an moladh seo (20% de phraghas an tí a bheith mar éarlais) ródhian ar dhaoine áirithe, dar leat?
2. Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le teach a cheannach agus teach a bheith ar cíós agat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Morgáiste: lasacht airgid a fhaightear ó bhanc le teach nó talamh a cheannach. Ioctar ar ais cuid den mhorgáiste gach mí le hús.

An Banc Ceannais: Banc náisiúnta a chuireann seirbhísí airgeadais agus bainc ar fáil don rialtas agus don chóras náisiúnta baincéireachta. Cuireann sé beartas airgeadaíochta na tíre i bhfeidhm, chomh maith le hairgeadra na tíre a eisiúint.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

deadline – *spriocdháta*

submissions – *aighneachtaí*

consultative process – *próiseas comhairliúcháin*

buyer(s) – *ceannaitheoir(i)*

deposit – *éarlais*

bubble – *bolgán*

in the housing market – *sa mhargadh tithíochta*

bone of contention – *cnámh spairne*

petition – *achainí*

insurance – *árachas*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. An modh coinníollach.

2. ‘...beidh ar cheannaitheoir éarlais €60,000 a bheith aige sula dtabharfaidh banc morgáiste dó...’

3 & 4.

	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
Abair	An ndéarfaidh tú...? Déarfaidh / Ní déarfaidh	An ndéarfá...? Déarfainn / Ní déarfainn
Beir	An mbéarfaidh tú...? Béarfaidh / Ní béarfaidh	An mbéarfá...? Bhéarfainn / Ní bhéarfainn
Bí	An mbeidh sé...? Beidh / Ní bheidh	An mbeadh sé...? Bheadh / Ní bheadh
Clois	An gcloisfidh mé...? Cloisfidh / Ní chloisfidh	An gcloisfinn...? Chloisfeá / Ní chloisfeá
Déan	An ndéanfaidh sibh...? Déanfaimid / Ní dhéanfaimid	An ndéanfaidís...? Dhéanfaimis / Ní dhéanfaimis
Faigh	An bhfaighidh sí...? Gheobhaidh / Ní bhfaighidh	An bhfaigheadh sí...? Gheobhadh sí / Ní bhfaigheadh sí
Feic	An bhfeicfidh siad...? Feicfidh / Ní fheicfidh	An bhfeicfidís...? D’fheicfidís / Ní fheicfidís
Ith	An íosfaidh siad...? Íosfaidh / Ní íosfaidh	An íosfaidís...? D’íosfaidís / Ní íosfaidís
Tabhair	An dtabharfaidh tú...? Tabharfaidh / Ní thabharfaidh	An dtabharfá...? Thabharfainn / Ní thabharfainn
Tar	An dtiocfaidh mé...? Tiocfaidh / Ní thiocfaidh	An dtiocfainn...? Thiocfainn / Ní thiocfainn
Téigh	An rachaidh sí...? Rachaidh / Ní rachaidh	An rachadh sí? Rachadh / Ní rachadh

Ceist 5

- sa mhargadh: séimhítear ainmfhocal dar tús consan tar éis **sa**.
- spriocdháta: nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun comhfhocal a chruthú cuirtear séimhiú ar an dara focal.
- mar chuid: séimhítear ainmfhocal dar tús consan tar éis **mar**.
- de phróiseas: séimhítear ainmfhocal dar tús consan tar éis **de**.
- ina chnámh spairne: an aidiacht shealbhach, tríú pearsa firinsneach, ag tagairt siar don fhocal **moladh**.
- ródhian: séimhítear aidiacht dar tús consan tar éis na réimíre **ró-**.
- ar dhaoine: séimhítear ainmfhocal dar tús consan tar éis **ar** nuair is ionad áirithe a bhíonn i gceist.
- an Bhainc: an tuiséal ginideach uatha atá i gceist agus cuirtear séimhiú ar ainmfhocal firinsneach dar tús consan tar éis an ailt.

Ceist 6

mí Eanáir
mí Feabhra
mí an Mhárta
mí an Aibreáin
mí na Bealtaine
mí an Mheithimh
mí Iúil
mí Lúnasa
mí Mheán Fómhair
mí Dheireadh Fómhair
mí na Samhna
mí na Nollag

Ceist 7

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Inniu an spriocdháta a bhí ag Banc Ceannais na hÉireann le glacadh le haighneachtaí faoin bpróiseas comhairliúcháin atá ar bun i dtaobh rialacha nua morgáiste. De réir na rialacha¹ nua atá molta ag an mBanc Ceannais, beidh ar cheannaitheoirí 20% de luach an tí a bheith mar éarlais acu le morgáiste a fháil.

Caoimhe Ní Laighin

D'fhógair an Banc Ceannais an moladh seo ar dtús i mí Dheireadh Fómhair. Is éard atá i gceist leis an moladh ná go mbeadh ar dhaoine ar mian leo teach a cheannach éarlais de 20% de luach an tí a bheith acu. Abair, mar shampla sa gcás² go mbeadh trí chéad míle euro le hióc ar theach, bheadh ar cheannaitheoir éarlais de sheasca míle euro a bheith aige sula dtabharfadh banc morgáiste dó.

Tá sé seo á dhéanamh le nach mbeidh bolgán eile sa mhargadh tithíochta, a deir an Banc Ceannais. Inniu an spriocdháta chun glacadh le haighneachtaí mar chuid de phróiseas comhairliúcháin atá ar bun ag an mBanc Ceannais maidir leis an moladh seo. Ach tá sé ina chnámh spairne. Tá an rialtas tar éis a rá go gcreideann siad go mbeadh an riail seo ródhian ar dhaoine, agus chuir grúpa nua darb ainm dóibh *Uplift* achainí faoi bhráid an Bhainc Cheannais inniu le héileamh orthu gan an moladh a chur i bhfeidhm. Deir siad go gcruthódh sé níos mó fadhbanna ná mar a réiteodh sé.

Conall Ó Móráin, Saineolaí Airgeadais

Ní féidir mórán a dhéanamh mar tá siad ag cur laidhre isteach sa bhfarráige, agus loiteann sé sin rud éigin áit éigin. Má thugann tú seans do dhaoine tithe a cheannach, tá sé sin go breá ach cuireann sé sin praghsanna in airde. Ach mura dtugann tú seans dóibh tithe a cheannach fanfaidh siad ina gcuid árasán ar cíos agus níl seans ag daoine dul isteach in árasáin faoi láthair mar níl siad ann. Tá bealach amháin gur féidir leis an rialtas déileáil leis seo, agus ní hé go gcuirfidís siúd an méid seo ar fáil, ach is féidir árachas a fháil ar mhorgáistí. Tá siad ar fáil sna Stáit Aontaithe agus an rud a dhéanann siad ansin ná cuireann tú árachas ar phraghas an tí agus dá dtitfeadh an praghas sin say, 10% nó 20%, dhíolfadh³ an comhlacht árachais as sin.

Caoimhe Ní Laighin

Tá an moladh le teacht i bhfeidhm i mí Eanáir. Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

¹ rialacha atá sa Chaighdeán Oifigiúil

² sa gcás atá i gcanúint Chonnachta; sa chás atá sna canúintí eile

³ díolfaidh a deirtear